CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 102/25

**Lucsamburg, 1 Lúnasa 2025**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-97/24 | An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus páirtithe eile

# Dlí an Tearmainn: Ní féidir le Ballstát mórphlódú isteach dothuartha d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a agairt chun go ndíolmhófaí é óna oibleagáid bunriachtanais iarrthóirí tearmainn a chumhdach

*D'fhéadfadh an Ballstát lena mbaineann a bheith faoi dhliteanas mar thoradh ar shárú ar an oibleagáid sin*

Cuireadh iallach ar bheirt iarrthóirí tearmainn, Afganastánach agus Indiach, maireachtáil i ndálaí luaineacha ar feadh roinnt seachtainí in Éirinn tar éis don Bhallstát sin diúltú na dálaí glactha íosta dá bhforáiltear le dlí an Aontais a chur ar fáil dóibh. Cé gur thug údaráis na hÉireann dearbhán aonair EUR 25 dóibh, níor dheonaigh siad lóistín dóibh, ag brath ar an easpa iostais atá ar fáil sna hionaid ghlactha thiomnaithe, d'ainneoin áitribh aonair agus sealadacha a bheith ar fáil in Éirinn. In éagmais iostais den sórt sin, ní raibh an bheirt iarratasóirí incháilithe don liúntas cothaithe laethúil faoi dhlí na hÉireann. Mar gheall air sin, codlaíonn siad ar an tsráid nó uaireanta in ionaid iostais luaineacha. Dúirt siad go raibh siad gann ar bhia, nach raibh siad in ann a gcuid sláinteachais a chothú agus go raibh siad i nguais ó thaobh a ndálaí maireachtála agus an fhoréigin a bhí rompu. Thug siad caingean os comhair na hArd-Chúirte (Éire) ag lorg cúiteamh ar an damáiste a fulaingíodh mar thoradh air sin.

Aithníonn údaráis na hÉireann go ndearnadh sárú ar dhlí an Aontais ach agraíonn siad cás *force majeure*, eadhon ídiú sealadach ar an líon tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth ar a gcríoch d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, mar gheall ar mhórphlódú isteach de náisiúnaigh tríú tír tar éis go ndearnadh ionradh ar an Úcráin. Os a choinne sin, ní mhaíonn na húdaráis sin gur cuireadh cosc oibiachtúil orthu dálaí glactha ábharacha a sholáthar lena gcumhdaítear bunriachtanais na n-iarratasóirí sin. Iarrann an Ard-Chúirt ar an gCúirt Bhreithiúnais an féidir dliteanas Stáit a eisiamh sna himthosca sin, in ainneoin na n-oibleagáidí a eascraíonn ón Treoir maidir le 'Glacadh' [1] agus ón gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Ina breithiúnas, meabhraíonn an Chúirt go gceanglaítear ar na Ballstáit faoin Treoir dálaí glactha ábharacha a ráthú d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta lena n-áirithítear caighdeáin leordhóthanacha mhaireachtála, bíodh sin déanta trí lóistín, trí chúnamh airgeadais, trí dhearbháin nó trí meascán de na roghanna sin a sholáthar dóibh. Caithfear na bunriachtanais a chumhdach leis na dálaí sin, lena n-áirítear iostas iomchuí, mar aon le sláinte fhisiciúil agus mheabhrach na ndaoine lena mbaineann a chosaint.

Dá bhrí sin, **sáraíonn Ballstát nach gcuireann na dálaí ábhartha sin ar fáil d'iarratasóir nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige a dhiscréid** maidir le cur i bhfeidhm na Treorach **go follasach agus go tromchúiseach** – fiú mura bhfuil ann ach ar feadh seala. **Dá bhrí sin, d'fhéadfadh séanadh den sórt sin a bheith ina sárú atá sách tromchúiseach ar dhlí an Aontais, óna n-eascraíonn dliteanas an Bhallstáit lena mbaineann.**

Cé go mbunaítear córas maolaithe atá teoranta go docht le dlí an Aontais, lena gceadaítear socruithe glactha a oiriúnú i gcás ídiú sealadach ar an líon tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta,

glactar leis, le cur i bhfeidhm an chórais sin, gur cás eisceachtúil atá ann, agus go bhfuil údar cuí leis agus go bhfuil sé teoranta ó thaobh ama de. Tá feidhm ag an gcóras sin go háirithe nuair a bhíonn sáithiú sealadach ar acmhainní glactha mar thoradh ar mhórphlódú isteach dothuartha de náisiúnaigh tríú tír. Mar sin féin, **fiú sa chás sin**, foráiltear leis an Treoir **nach mór do na Ballstáit**, in aon chás, bunriachtanais na ndaoine lena mbaineann a chumhdach, **i gcomhréir leis an oibleagáid a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh dínit an duine a urramú.**

**Sna himthosca sin, measann an Chúirt nach féidir glacadh leis go bhféadfadh Ballstát brath ar an teagmhas lena gcuirtear an córas maolaithe i bhfeidhm,** eadhon ídiú sealadach ar an líon tithíochta a bhíonn ar fáil de ghnáth d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, **chun go ndíolmhófaí é óna oibleagáid bunriachtanais na ndaoine lena mbaineann a chumhdach,** fiú má tá an t-ídiú sin mar thoradh ar mhórphlódú isteach suntasach agus tobann de náisiúnaigh tríú tír atá ag lorg cosaint shealadach nó idirnáisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, má agraítear teagmhas den sórt sin a bheith tar éis tarlú, ní féidir a chinneadh nach bhfuil mainneachtain na n-oibleagáidí a leagtar síos leis an Treoir a chomhlíonadh sách tromchúiseach chun ceart chun cúitimh a chruthú. Le léiriú ar an dlí a thabharfadh a mhalairt le fios, bhainfí a éifeachtacht den chóras sin agus bhainfí an bonn de chosaint dlí éifeachtach na n-iarratasóirí.

Thairis sin, níl aon rud ann chun tacú leis an tátal, sa chás seo, gur cuireadh cosc oibiachtúil ar Éirinn a hoibleagáidí a chomhlíonadh trí lóistín a chur ar fáil do na hiarratasóirí lasmuigh den chóras dá bhforáiltear de ghnáth chun freastal orthu, dá mba ghá, trí thairbhe a bhaint as an maolú dá bhforáiltear sa Treoir, nó trí liúntais airgeadais nó dearbháin a thabhairt dóibh.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh.